AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.5.2024
COM(2024) 203 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le feidhmiú an tarmligin a thugtar don Choimisiún de bhun Threoir (AE) 2017/2397 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le cáilíochtaí gairmiúla sa loingseoireacht intíre a aithint agus lena naisghairtear Treoir 91/672/CEE ón gComhairle agus Treoir 96/50/CE

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

Maidir le feidhmiú an tarmligin a thugtar don Choimisiún de bhun Threoir (AE) 2017/2397 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le cáilíochtaí gairmiúla sa loingseoireacht intíre a aithint agus lena n-aisghairtear Treoir 91/672/CEE ón gComhairle agus Treoir 96/50/CE

1. RÉAMHRÁ

Le Treoir (AE) 2017/2397, tugtar isteach den chéad uair córas comhchuibhithe chun cáilíochtaí gairmiúla daoine a oibríonn árthaí ar uiscebhealaí intíre a dheimhniú agus a aithint, lena gceadaítear do shealbhóirí teastais oibriú ar fud uiscebhealaí an Aontais. Tá sé d'aidhm ag an treoir bacainní ar shoghluaisteacht an lucht saothair a laghdú, an tsábháilteacht a fheabhsú, scileanna agus infhostaitheacht daoine óga a fhorbairt, ionchais ghairme níos fearr a chur ar fáil do gach ball den chriú agus aistriú oibrithe a bhfuil taithí acu ó earnálacha eile a éascú.

Tá feidhm ag an gcóras maidir le gach ball den chriú deice, saineolaithe ar ghás nádúrtha leachtaithe agus saineolaithe ar loingsiú paisinéirí a oibríonn ar shoithí paisinéirí agus ar árthaí eile atá níos mó ná 20 méadar ar fad (chomh maith le cineálacha áirithe soithí sonracha eile), ach amháin sa chás gur loingseoireacht le haghaidh spóirt nó áineasa atá i gceist, nó sa chás go ndéanann na fórsaí armtha nó na seirbhísí éigeandála í.

Leis an treoir soláthraítear na forálacha seo a leanas a bhaineann leis na baill shonracha den chriú:

- Ní mór teastas cáilíochta de chuid an Aontais a bheith ag baill den chriú deice, daoine atá cáilithe chun bearta a dhéanamh i gcásanna éigeandála ar bord soithí paisinéirí agus daoine a bhfuil baint acu le soithí athbhreoslaithe a oibrítear le gás nádúrtha leachtaithe.
- Ní mór údaruithe sonracha a bheith ag máistrí báid sna cásanna seo a leanas:
    - agus iad ag loingseoireacht ar stráicí d'uiscebhealach intíre lena ngabhann rioscaí sonracha;
    - agus iad ag loingseoireacht ar uiscebhealaí intíre de chineál muirí;
    - agus iad ag loingseoireacht le radar;
    - agus iad ag oibriú soithí arna gcumhachtú le gás nádúrtha leachtaithe;
    - agus iad ag seoladh i gconbhuanna móra.

Leagtar amach sa Treoir ceanglais íosta maidir le haois, comhlíonadh riaracháin, inniúlacht agus am loingseoireachta le haghaidh na gcáilíochtaí éagsúla. Ní mór freisin do gach ball den chriú deice caighdeáin áirithe maidir le dea-shláinte a chomhlíonadh.

Cuirtear san áireamh sa Treoir saintréithe éagsúla Bhallstáit an Aontais trí dhíolúintí ó roinnt beart a dheonú. Is fíor sin go háirithe i gcás na mBallstát nach bhfuil a n-uiscebhealaí nasctha le huiscebhealaí na mBallstát eile agus nach bhfuil ach loingseoireacht intíre séasúrach nó an-teoranta iontu. Ní mór do gach Ballstát eile a bhfuil uiscebhealaí intíre inseolta acu na bearta

is gá a dhéanamh chun an córas aitheantais teastais a leagtar síos sa treoir le haghaidh na n-uiscebhealaí sin a chur chun feidhme.

Tá teastais cháilíochta de chuid an Aontais, leabhair taifid seirbhíse agus logleabhair arna n-eisiúint ag údaráis inniúla bailí ar gach uiscebhealach intíre san Aontas. Teastais a eisítear i gcomhréir leis na rialacháin maidir le pearsanra i mbun loingseoireachta ar an Réin, lena leagtar síos ceanglais atá comhionann leo siúd atá sa treoir, tá siad bailí freisin ar uiscebhealaí uile an Aontais. D'fhéadfadh aon tír nach Ballstát den Aontas í iarratas a dhéanamh chuig an gCoimisiún Eorpach le haghaidh aitheantais do na teastais, do na leabhair taifid seirbhíse nó do na logleabhair arna n-eisiúint ag a húdaráis.

Ba cheart do gach Ballstát a áirithiú go bhfuil na híosleibhéil chomhfhreagracha inniúlachta ag daoine a fhaigheann teastais cháilíochta trí mheasúnú a dhéanamh. D'fhéadfadh scrúdú riaracháin nó cuid de chlár oiliúna formheasta a bheith i gceist leis sin. Áirítear sa treoir freisin go bhféadfaí an scrúdú a dhéanamh trí leas a bhaint as ionsamhlóirí.

Leagtar síos sa Treoir critéir oibiachtúla agus thrédhearcacha do na Ballstáit chun uiscebhealaí intíre a mbaineann rioscaí sonracha leo a shainaithint agus chun uiscebhealaí intíre de chineál muirí a aicmiú.

Déantar foráil sa Treoir maidir le córas faisnéise a bhunú chun malartú sonraí maidir le teastais cháilíochta, leabhair thaifid seirbhíse agus logleabhair a éascú idir na húdaráis atá i gceannas ar chur chun feidhme agus ar fhorfheidhmiú na treorach (ar a dtugtar an bunachar sonraí Eorpach maidir le Criúnna 'ECDB').

Glacadh an Treoir an 12 Nollaig 2017 agus tháinig sí i bhfeidhm an 16 Eanáir 2018, le dáta trasuí agus le dáta cur i bhfeidhm an 17 Eanáir 2022.

Le hAirteagal 17(1), glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 31 d'fhonn an Treoir a fhorlíonadh trí chaighdeáin a leagan síos maidir le hinniúlachtaí agus leis an eolas comhfhreagrach agus leis na scileanna comhfhreagracha i gcomhréir leis na ceanglais bhunriachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn II den Treoir.

Le hAirteagal 21(2), tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31 d'fhonn an Treoir a fhorlíonadh trí chaighdeáin a leagan síos chun ionsamhlóirí a fhormheas, lena sonraítear na ceanglais feidhmiúla agus theicniúla íosta agus na nósanna imeachta riaracháin i ndáil leis sin, agus é mar chuspóir a áirithiú go ndeartar na hionsamhlóirí a úsáidtear le haghaidh measúnú ar inniúlachtaí sa dóigh go bhféadfar na hinniúlachtaí a fhíorú faoi mar a fhorordaítear faoi na caighdeáin le haghaidh scrúduithe praiticiúla dá dtagraítear in Airteagal 17(3).

Le hAirteagal 23(6), tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31 ar bhonn na gceanglas bunriachtanach le haghaidh dea-shláinte dá dtagraítear in Iarscríbhinn III d'fhonn an Treoir a fhorlíonadh trí na caighdeáin le haghaidh dea-shláinte a leagan síos lena sonrófar na ceanglais maidir le dea-shláinte, go háirithe maidir leis na tástálacha nach mór do liachleachtóirí a dhéanamh, na critéir nach mór dóibh a chur i bhfeidhm le folláine chun na hoibre a chinneadh agus an liosta de na srianta agus de na bearta maolúcháin.

Le Airteagal 25(1), tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31 chun an fhaisnéis sna cláir le haghaidh leabhair taifid seirbhíse

agus logleabhair a fhorlíonadh le faisnéis eile a éilítear le múnlaí na leabhar taifid seirbhíse agus na logleabhar a ghlactar de bhun Airteagal 22(4), agus é mar chuspóir aige malartú faisnéise idir na Ballstáit a éascú a thuilleadh.

Le hAirteagal 31 tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear sna hairteagail thuasluaite den treoir. Foráiltear leis an airteagal an méid seo a leanas sa dara mír:

> *'Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 17(1) agus (4), in Airteagal 21(2), in Airteagal 23(6) agus in Airteagal 25(1) agus (2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón 16 Eanáir 2018. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.'*

2. BUNÚS DLÍ

Ceanglaítear an Tuarascáil seo le hAirteagal 31(2) de Threoir (AE) 2017/2397. De bhun na forála sin, tugtar an tarmligean don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón 16 Eanáir 2018 agus ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a thabhairt maidir leis na cumhachtaí tarmligthe. Luaitear san Airteagal céanna go ndéanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin.

3. AN TARMLIGEAN A FHEIDHMIÚ

Ó theacht i bhfeidhm Threoir (AE) 2017/2397 go dtí an dáta a ghlacfar an tuarascáil seo, ghlac an Coimisiún na gníomhartha tarmligthe seo a leanas:

1. **Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/473 ón gCoimisiún** an 20 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2017/2397 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na caighdeáin do bhunachair sonraí le haghaidh teastais cháilíochta, leabhair taifid seirbhíse agus logleabhair de chuid an Aontais.

   Leis an Rialachán tarmligthe seo, socraítear na caighdeáin lena leagtar síos na saintréithe agus na coinníollacha maidir le bunachair sonraí teastas cháilíochta de chuid an Aontais, leabhair taifid seirbhíse agus logleabhair a úsáid arna n-eisiúint i gcomhréir le Treoir (AE) 2017/2397 agus do dhoiciméid a aithnítear de bhun Airteagal 10(2)-(3) de. Sainítear ann freisin cearta rochtana, feidhmiúlachtaí agus cumarsáid idir bunachar sonraí an Aontais agus cláir náisiúnta. Le bunachar sonraí an Aontais maidir le doiciméid a bhaineann le criú, soláthrófar forléargas comhdhlúite ar na sonraí sna teastais cháilíochta agus ar leabhair taifid seirbhíse na mball den chriú a choimeádtar sna cláir náisiúnta.

2. **Treoir Tharmligthe (AE) 2020/12 ón gCoimisiún** an 2 Lúnasa 2019 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2017/2397 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin d'inniúlachtaí agus d'eolas comhfhreagrach agus scileanna comhfhreagracha, do na scrúduithe praiticiúla, d'fhormheas ionsamhlóirí agus do dhea-shláinte

   Leis an Treoir Tharmligthe seo, forlíontar Treoir (AE) 2017/2397 maidir le caighdeáin áirithe a bhfuil baint acu le cáilíochtaí gairmiúla sa loingseoireacht intíre. Is é an Coiste Eorpach um Chaighdeánú i réimse na Loingseoireachta Intíre (CESNI) a dhréachtaigh na caighdeáin.

   Áirítear leis na caighdeáin le haghaidh inniúlachtaí na hinniúlachtaí sonracha a éilítear agus an t-eolas agus na scileanna comhfhreagracha atá i gcomhréir leis na ceanglais riachtanacha inniúlachta a leagtar amach sa Treoir.

   Déantar foráil sa Treoir Tharmligthe maidir le caighdeáin don mhéid seo a leanas:

   - Eolas agus scileanna
   - Scrúduithe praiticiúla
   - Ionsamhlóirí a fhormheas
   - Dea-shláinte

   Glacadh na caighdeáin le haghaidh na nithe seo a leanas:

   - an leibhéal oibríochtúil (lena sainítear an phríomhinniúlacht do bhádóirí agus aon cháilíocht eile ag an leibhéal oibríochtúil);
   - an leibhéal bainistíochta (máistrí báid);
   - an t-údarú sonrach le haghaidh máistir báid atá ag seoltóireacht ar uiscebhealaí intíre de chineál muirí;
   - an t-údarú sonrach le haghaidh máistir báid atá ag seoltóireacht le cabhair radair;
   - saineolaithe ar loingsiú paisinéirí;
   - saineolaithe ar ghás nádúrtha leachtaithe.

   I gcás na leibhéal oibríochtúil agus bainistíochta, cumhdaítear na caibidlí seo a leanas leis na caighdeáin le haghaidh inniúlachtaí:

   - loingseoireacht;
   - árthaí a oibriú;
   - láimhseáil lasta, stuáil agus iompar paisinéirí;
   - innealtóireacht mhuirí agus innealtóireacht leictreach, leictreonach agus rialaithe;
   - cothabháil agus deisiú;
   - cumarsáid;
   - sláinte, sábháilteacht agus cosaint an chomhshaoil.

   Cuireadh na gníomhartha tarmligthe ar fad ar glacadh leo ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Ní dhearnadh aon síneadh ar na tréimhsí agóide ná ar na hagóidí le linn na dtréimhsí agóide a cuireadh ar fáil.

3. **Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/184 ón gCoimisiún** an 22 Samhain 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir (AE) 2017/2397 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

   Tagann an gníomh reachtach seo in ionad Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir (AE) 2017/2397 agus bunaítear leis na ceanglais is infheidhme maidir le scrúduithe praiticiúla agus maidir le hionsamhlóirí a fhormheas. Bunaítear leis freisin na ceanglais riachtanacha inniúlachta agus na ceanglais fhíor-riachtanacha maidir le dea-shláinte, trí thagairt a dhéanamh do Chaighdeáin Eorpacha le haghaidh Cáilíochtaí sa Loingseoireacht Intíre (ES-QIN).

4. SÍNEADH A CHUR LEIS AN TRÉIMHSE LE hAGHAIDH THARMLIGEAN NA gCUMHACHTAÍ

Le 4 bliana anuas, d'fheidhmigh an Coimisiún na cumhachtaí tarmligthe a deonaíodh dó faoi Threoir (AE) 2017/2397.

Le feidhmiú na gcumhachtaí tarmligthe, cuireadh ar chumas an Choimisiúin forálacha ábhartha de Threoir (AE) 2017/2397 maidir le caighdeáin do bhunachair sonraí le haghaidh teastais cháilíochta de chuid an Aontais, leabhair thaifid seirbhíse agus logleabhair, chomh maith le caighdeáin le haghaidh inniúlachtaí agus eolas agus scileanna comhfhreagracha, le haghaidh na scrúduithe praiticiúla, le haghaidh ionsamhlóirí a fhormheas agus le haghaidh dea-shláinte.

Measann an Coimisiún gur léir go bhfuil gá le tarmligean na cumhachta agus go bhfanfaidh sé amhlaidh. Ar an gcúis sin, dealraíonn sé gurb iomchuí síneadh a chur leis.

5. CONCLÚID

Leis an tuarascáil seo, comhlíonann an Coimisiún an ceanglas tuairiscithe faoi Airteagal 31(2) de Threoir (AE) 2017/2397 agus iarann sé ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.